Belong To LGBTQ+ Youth Ireland



# Treoir céim ar chéim maidir

## le Seachtain Feasachta Seas an Fód



# Ag Tosú

Nuair a dhéanann tú óstáil ar Sheachtain Feasachta Seas an Fód i do scoil, ionad Ógtheagmhála, nó seirbhís óige is í seo an chéad chéim i dtreo spás sábháilte agus cuimsitheach a chruthú a bheidh ag oibriú mar ghné a thabharfaidh cosaint do dhaoine óga LADTA+.

I dtaighde a rinneadh le déanaí ar óige LADTA+ na hÉireann agus na hEorpa, aithníodh cúig théama atá ag teacht chun cinn a chabhródh le feabhas a chur ar an scoil do dhaltaí LADTA+:

- Spásanna sábháilte nó grúpaí tacaíochta a chruthú lena n-áirítear comhghuaillithe, agus aghaidh a thabhairt ar bhulaíocht.
- Féiniúlachtaí LADTA+ a dhearbhú.
- Oideachas foirmiúil ar théamaí LADTA+ sa rang.
- Cuimsiú, éagsúlacht agus comhionannas a chur chun cinn.
- Oiliúint do mhúinteoirí.[1]

## Seacht gCéim chun an Fód a Sheasamh

Tugann ár 'Seacht gCéim chun an Fód a Sheasamh' treoirlínte maidir le dea-chleachtais atá deartha chun cabhrú leat Seachtain Feasachta Seas an Fód a chomhordú agus a reáchtáil. Is féidir leat acmhainní agus smaointe breise a íoslódáil ónár láithreán gréasáin. ➔

Ba chóir Seachtain Feasachta Seas an Fód a reáchtáil i gcomhpháirt le daoine óga. Tá an tábhacht chéanna ag baint le daoine óga a bheith rannpháirteach agus iad a mhealladh le linn a bheith i mbun smaointeoireachta, ag ceapadh agus ag pleanáil Sheachtain Feasachta Seas an Fód, agus atá le feidhmiú na seachtaine féin. Má bhíonn daoine óga páirteach ar bhealach dearfach, beifear in ann spás sábháilte agus cuimsitheach a chruthú fiú sula dtosóidh an tseachtain go hoifigiúil.

## Mol Oideachais Ar Líne


Bíonn ár n-ábhair thacaíochta a n-óstáil againn ar mhol oideachais ar líne ar ár láithreán gréasáin. Cuirfidh na hacmhainní seo smaointe agus gníomhaíochtaí ar fáil a chabhróidh leat Seachtain Feasachta Seas an Fód a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Aon uair a fheiceann tú an deilbhín seo, ciallaíonn sé go bhfuil fáil ar acmhainní gaolmhara breise ar an mol oideachais ar líne. Is féidir leat rochtain a fháil ar an mol oideachais ar ár suíomh gréasáin **www.belongto.org/standup** ➔

## Téama Sheachtain Feasachta Seas an Fód

Bíonn téama nua roghnaithe gach bliain a chuirfidh do scoil nó d'ionad chun cinn le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód. Tá acmhainní in éineacht leis chun cuidiú le Seachtain Feasachta Seas an Fód a leathadh amach agus le cabhrú leat seachtain rathúil a reáchtáil.

# Seacht gCéim chun an Fód a Sheasamh

Cé nach bhfuil i Seachtain Feasachta Seas an Fód ach seachtain amháin i bhféilire na scoile, tarlaíonn go leor ullmhúcháin agus pleanála roimh an tseachtain seo. Seo thíos seacht gcéim a d'fhéadfá a ghlacadh ionas go n-éireoidh go maith leis an tseachtain i do scoil, ionad Ógtheagmhála, nó seirbhís óige.




## Céim 1: **I gComhar le chéile**

d'fhoireann do Sheachtain Feasachta Seas an Fód a bhunú. Bíodh d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí páirteach ann, mar gur féidir leo sin tacaíocht agus comhairle iontach a chur ar fáil de réir mar atá smaointe agus gníomhaíochtaí éagsúla Sheachtain Feasachta Seas an Fód á bplé. Spreag baill foirne eile chun páirt a ghlacadh bunaithe ar na róil/na hábhair atá acu agus tabhair cuireadh do dhaoine óga é seo a stiúradh i gcomhar leat i do scoil, san ionad Ógtheagmhála, nó sa tseirbhís óige. Má bhíonn sé faoi stiúir an aosa óig cuirfear ar chumas na ndaoine óga i d'eagraíocht athrú dearfach a chur i bhfeidhm ina bpobal féin.

Toisc go mbaineann Seachtain Feasachta Seas an Fód le daoine a thabhairt le chéile ionas go mbraithfear muintearas, smaoinigh ar bhealaí a bhféadfadh sibh an chumhacht a thabhairt dá chéile a bheith páirteach i bhur ullmhúcháin. B'fhéidir gur mhaith leat ball foirne a roghnú mar chomhordaitheoir le bheith i gceannas ar an tseachtain, agus a bheidh mar phríomhphointe teagmhála do dhaoine óga, don fhoireann, do thuismitheoirí agus do ghrúpaí óige áitiúla a ghlacfaidh páirt i Seachtain Feasachta Seas an Fód. Cuimhnigh go bhfuil an Fhoireann Oideachais agus Oiliúna ag Belong To i gcónaí anseo chun tacú leat. Bíodh a fhios agat go bhfuil muid mar chuid de d'fhoireann agus ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh linn!

## Céim 2: **Ag Traenáil**

### An Modúl Ríomhfhoghlama: Scoileanna agus Seirbhísí Óige a chuireann daoine LADTA+ san áireamh a chruthú

Bealach iontach chun tosú is ea clárú dár modúl ríomhfhoghlama 90 nóiméad atá saor in aisce. Tá sé seo deartha d'oideachasóirí agus dóibh siúd a oibríonn leis an óige. Tabharfaidh sé seo bunús láidir duit sna bunghnéithe a bhaineann le LADTA+ agus gheobhaidh tú tuiscint ar thaithí scoile na ndaoine óga LADTA+. Áirítear san oiliúint idirghníomhach seo físeáin, cleachtaí agus tráth na gceist chun tú a chur ar do chumas éisteacht go héifeachtach le daoine óga LADTA+, iad a thuiscint, freagairt dóibh agus tacú leo. Cláraigh dár ríomhfhoghlaim saor in aisce a thabharfaidh bunús duit sna nithe seo a leanas:

- Téarmaíocht agus Teanga
- Meabhairshláinte LADTA+
- Bainistiú a dhéanamh ar ár nDearcadh agus Ár gClaonadh Féin
- Inscne agus Daoine Óga: Féiniúlachtaí Neamhinscneacha agus Trasinscneacha
- Ag Teacht Amach
- Do Chleachtas a Fheabhsú

**Tá an modúl ríomhfhoghlama 90 nóiméad seo, atá saor in aisce, ar fáil ó training.belongto.org**

### Oiliúint maidir le Seachtain Feasachta Seas an Fód – Meán Fómhair

Cláraigh dár n-oiliúint ar líne nó cláraigh go pearsanta do Sheachtain Feasachta Seas an Fód i mí Mheán Fómhair. Cuireann Belong To oiliúint shonrach ar fáil maidir leis an gcaoi le Seachtain Feasachta Seas an Fód a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Míneoimid na céimeanna ar fad duit chun go mbeidh tú in ann Seachtain Feasachta Seas an Fód a reáchtáil agus gheobhaidh tú treoir agus smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí uainn. Bíonn seisiúin oiliúna fhíorúla agus seisiúin phearsanta á reáchtáil againn fud fad na tíre. Beidh táille €10 i gceist i gcás gach seisiún oiliúna ar líne agus gach seisiún go pearsanta. Baintear úsáid as an táille íseal seo chun tacú lenár gcuid oibre le daoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann.

**Chun d'áit a chur in áirithe, tabhair cuairt ar www.belongto.org/standup, seol ríomhphost chuig standup@belongto.org, nó glaoigh ar 01 670 6223.**

## Céim 3: **I mBun Machnaimh**

Socraigh am agus spás a dtiocfaidh d'fhoireann le chéile, ionas gur féidir libh dul i mbun plé agus machnaimh maidir le cé chomh cuimsitheach agus atá bhur n-eagraíocht ó thaobh daoine LADTA+ de. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh thar chruinniú amháin nó níos mó ná ceann, ag brath ar an méid ama atá agaibh. Úsáid an t-am seo chun smaoineamh ar na comhghuaillithe atá sa suíomh ina bhfuil sibh. Tá guth na n-óg, chomh maith leis an bplé leis na comhghuaillithe, thar a bheith tábhachtach ag an gcéim seo – b'fhéidir gur mhaith leat suirbhé a dhéanamh ar dhaoine óga i do scoil agus athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí.

1. Tabharfaidh mol oiliúna agus acmhainní Sheachtain Feasachta Seas an Fód treoir agus smaointe duit maidir leis an gcaoi le topaicí LADTA+ a phlé laistigh de do scoil, d'ionad Ógtheagmhála, nó do sheirbhís óige. Labhair leis an bhfoireann ar dtús faoin gcineál cumarsáide a léiríonn meas. Cabhróidh sé seo le spás sábháilte a chruthú do gach duine atá páirteach ➔.
2. Mínigh a bhfuil i gceist le Seachtain Feasachta Seas an Fód do gach duine atá i láthair agus an fáth a bhfuil an tSeachtain tábhachtach.
3. Mínigh an téarmaíocht agus an teanga atá ar an bpóstaer d'fhonn a chinntiú go dtuigeann gach duine na téarmaí éagsúla. Ní gá duit a bheith i do shaineolaí – tá an póstaer ann chun cabhrú le gach duine dul i dtaithí ar an teanga a bhaineann le LADTA+.
4. Pléigh téama na bliana seo do Sheachtain Feasachta Seas an Fód le d'fhoireann agus iarr aiseolas agus breac nótaí de réir mar atá tú ag dul ar aghaidh.
5. Bunaithe ar na torthaí a bhí ar na cruinnithe pleanála, torthaí a bheidh difriúil i gcás gach scoile, ionad Ógtheagmhála, nó seirbhís óige, eagraigh babhta tobsmaointeoireachta maidir le gníomhaíochtaí agus imeachtaí a d'fhéadfadh sibh a eagrú. Coinnigh ort ag tagairt siar ar na torthaí – faoi dheireadh Sheachtain Feasachta Seas an Fód – cad a bheidh difriúil? Is féidir leat cuid de na smaointe atá molta a úsáid nó do chuid féin a dhearadh. Féach ar na smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí agus ar an ngailearaí inár dtreoir Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha atá laistigh den mhol oideachais, d'fhonn inspioráid a fháil ó scoileanna eile ➔.

## Céim 4: **I mBun Pleanála**

Chomh luath agus a thiocfaidh sibh ar roinnt smaointe faoi ghníomhartha a bhféadfadh sibh tabhairt fúthu, beidh sé in am dul i mbun pleanála! Smaoinigh i dtaobh céard, conas, cé, cén áit agus cathain. B’fhéidir go mbeadh roinnt smaointe iontacha agaibh, ach caithfidh sibh a bheith réalaíoch agus bhur machnamh a dhéanamh ar:

**De bharr gur libhse Seachtain Feasachta Seas an Fód, tá sé tábhachtach go smaoineodh sibh ar na rudaí is fearr a oibreoidh daoibhse, do na daoine óga, agus don fhoireann laistigh den eagraíocht.**

Más é seo an chéad uair duit Seachtain Feasachta Seas an Fód a eagrú, b’fhéidir go roghnófá díriú ar réimse nó ar ghníomhaíocht amháin agus tógáil air sin sna blianta amach romhainn. Má tá níos mó taithí agat, d’fhéadfá do ghníomhaíochtaí agus d’imeachtaí féin a chruthú. Is féidir leat do Sheachtain Feasachta Seas an Fód a struchtúrú ar bhealach ar bith a oireann duit.

Mar shampla, d’fhéadfá cinneadh a dhéanamh na nithe seo a leanas a phleanáil:

- Gníomh LADTA+ amháin in aghaidh an lae nó an gníomh céanna le grúpaí éagsúla gach lá.
- Cur i láthair do ghrúpaí éagsúla agus ina dhiaidh sin don scoil /ionad Ógtheagmhála/ seirbhís óige ar fad.
- Gníomhartha le linn am ranga nó gníomhartha ag am lóin.

Léirigh taighde go bhféadfadh tionchar dearfach carnach a bheith ag imeachtaí a eagraítear go minic, cosúil le Seachtain Feasachta Seas an Fód,[2] dá bhrí sin tá luach ag baint le do chuid ama a thógáil agus a chinntiú go bhfuil tionchar láidir agus soiléir ag do ghníomhartha, seachas a bheith ag iarraidh an iomarca a dhéanamh ag an am céanna. Smaoinigh ar chaighdeán seachas ar chainníocht. Pléigh do chuid pleananna leis an mBainistíocht Shinsearach mar go bhféadfadh roinnt smaointe nó acmhainní a bheith acu a chabhródh leat. B’fhéidir go bhféadfadh cuid de na daoine óga i do scoil nó i do ghrúpa óige a gcuid pleananna a chur i láthair ag cruinniú foirne agus iarraidh ar an bhfoireann tacú leo. Is bealach iontach é seo chun an scéal a scaipeadh agus rannpháirtíocht a spreagadh.

### Cad

Cad a theastaíonn uainn a dhéanamh? Bíodh smaoineamh soiléir agaibh agus tuairim faoin tionchar.

### Cén chaoi

Cén chaoi a ndéanfaimid é? Leag síos céimeanna soiléire.

### Cé

Cé a chaithfidh a bheith páirteach le go dtarlóidh sé seo? An gá dúinn cead nó cúnamh a fháil?

### Cén áit

Cá mbeidh sé ar siúl?

### Cén uair

Cén uair a mbeidh sé ar siúl? Cén fhad a mhairfidh sé?

## Céim 5: **Á chur i bhFeidhm**

Tar éis na pleanála go léir, tá sé in am tús a chur le Seachtain Feasachta Seas an Fód a chur i bhfeidhm. Is é seo an t-am le club LADTA+ na scoile agus comhghuaillithe na scoile, más ann dóibh, a thabhairt le chéile chun an scéal a scaipeadh agus an oiread daoine i do phobal agus is féidir a mhealladh ar bord. Glac grianghraif agus físeáin de na himeachtaí agus smaoinigh ar na meáin áitiúla atá agaibh a mhealladh – féach ar an treoir maidir leis na meáin atá ar ár mol oideachais ar líne ➔.

Coinnigh i dteagmháil ar bhonn rialta le do bhaill foirne i rith na seachtaine chun a chinntiú go bhfuil gach rud ag dul de réir mar a bhí pleanáilte. Ag deireadh na seachtaine, bí cinnte agus cruinniú a eagrú i ndiaidh Sheachtain Feasachta Seas an Fód. Bain úsáid as an spás cruinnithe seo chun aitheantas a thabhairt don mhéid atá bainte amach agaibh agus ceiliúradh a dhéanamh air. Iarr ar an bhfoireann a bhfuil foghlamtha acu a roinnt agus moltaí a chur chun cinn do na blianta amach romhainn.

## Step 6: **Cuir isteach é**

Anois go bhfuil an obair chrua ar fad curtha isteach, tabhair bualadh bos duit féin as gur éirigh chomh maith le do Sheachtain Feasachta Seas an Fód! In 2024, sheolamar searmanas bronnta ar líne chun ceiliúradh a dhéanamh ar na héachtaí a baineadh amach taobh istigh de do scoil, de d'ionad nó do sheirbhís óige. Is mian linn aitheantas a thabhairt don stró a chuir sibh oraibh féin ó thaobh Seachtain Feasachta Seas an Fód rathúil a eagrú agus ceiliúradh a dhéanamh ar an obair chrua a rinne sibh!

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don obair a rinne daoine aonair agus grúpaí agus iad ag cruthú timpeallacht chuimsitheach taobh istigh den spás oideachais agus ag tacú léi. Is féidir leat ainmniúchán a chur isteach i roinnt catagóirí éagsúla, lena n-áirítear an tionchar a bhí ag bhur chláir gníomhaíochtaí go ginearálta; an bhrí a bhain sibh as an téama; rannpháirtíocht na ndaltaí; feiceálacht; léiriú cruthaitheach; grianghrafadóireacht.

## Céim 7: **É a Chothú**

Bíonn Seachtain Feasachta Seas an Fód ar siúl ar feadh aon seachtain amháin gach bliain. Má theastaíonn uainn timpeallacht atá fíorchuimsitheach a chruthú agus tacú le daoine óga LADTA+, ní mór dúinn smaoineamh ar conas is féidir linn a chinntiú go leanfar ag díriú ar shábháilteacht níos faide chun cinn ná an tseachtain seo agus i rith na bliana. Seo roinnt moltaí:

### Glac Páirt sa Dearbhú Cáilíochta LADTA+

Is tionscnamh 18 mí é an Marc Cáilíochta LADTA+ d'iar-bhunscoileanna agus d'ionaid Ógtheagmhála. Sheol Belong To an tionscnamh seo in 2022, agus ó shin i leith, tá os cionn 100 scoil agus ionad ar fud na tíre tar éis tabhairt faoi thuras le bheith ina scoil nó ina ionad a bhfuil creidiúnú aige mar áit atá sábháilte agus tacúil do dhaoine LADTA+. Tá go leor de na scoileanna agus na hionaid seo tar éis an Marc Cáilíochta LADTA+ a bhaint amach, mar léargas ar a thiomanta agus atá siad ó thaobh timpeallacht shábháilte, thacúil a bheith ar fáil i gcónaí do dhaoine óga.

Is cur chuige don scoil uilig é an Dearbhú Cáilíochta LADTA+ atá dírithe ar na ceithre phríomhréimse a chuireann an fholláine chun cinn ó thaobh LADTA+ de. I measc na réimsí sin tá cultúr agus timpeallacht a chuimsíonn daoine LADTA+ a chruthú, curaclam atá cuimsitheach ó thaobh LADTA+ a chur ar fáil, caidrimh agus comhpháirtíochtaí a chuireann daoine LADTA+ san áireamh a chothú, agus tacú le beartais agus pleanáil a chuireann daoine LADTA+ san áireamh. Nuair a bheidh dea-chleachtas léirithe ag do scoil sna príomhréimsí gníomhaíochta seo, beidh sibh in ann aitheantas a fháil mar scoil atá sábháilte do dhaoine LADTA+ agus a thacaíonn leo.

**Tosaigh inniu ar do thuras chun Dearbhú Cáilíochta LADTA + a bhaint amach. Tabhair cuairt ar [https://www.belongto.org/support-for-someone-else/at-school/post-primary/lgbtq-quality-mark/](https://www.belongto.org/support-for-someone-else/at-school/post-primary/lgbtq-quality-mark/)**

## Cruthaigh Club LADTA+ agus Comhghuaillithe

B'fhéidir gur mhaith le roinnt ball d'fhoireann Sheachtain Feasachta Seas an Fód leanúint ar aghaidh ag bualadh le chéile ó cheann ceann na bliana. Is féidir linn cabhrú leat Club LADTA+ agus Comhghuallaithe a bhunú nó an rud ar a dtugtar uaireanta An Chomhghuallaíocht Inscne agus Gnéasachtaí (GSA) uaireanta. Cothaíonn GSAanna naisc idir LADTA+ agus daoine óga atá báúil agus bunaíonn siad pobal. Tugann GSA daoine óga le chéile chun go mbeidh spraoi acu, go gcothóidh siad muintearas, go dtacóidh siad le chéile agus go rachaidh siad i mbun feachtais chun athruithe a dhéanamh ar shaincheisteanna atá tábhachtach dóibh.  Foghlaim tuilleadh ónár n-acmhainn oideachais faoi gcaoi le Club GSA nó Club LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú ➔.

## Idirghabháil Leanúnach ón bhFoireann

Tugann Seachtain Feasachta Seas an Fód deis do scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige an cheist a chur go macánta - an bhfuil na beartais, na nósanna imeachta agus an Cód Iompair frithbhulaíochta á leanúint. Is mór an chosaint do dhaoine óga LADTA+ é go bhfeiceann siad go dtarlaíonn idirghabháil réamhghníomhach shoiléir chomhsheasmhach nuair a bhíonn aon chineál den bhulaíocht homafóbach, dhéfhóbach nó trasfhóbach ar bun.3 Ba chóir go mbeadh gach ball foirne soiléir maidir leis an gcaoi le hidirghabháil a dhéanamh agus aon chásanna ina sáraítear na beartais seo a chlárú. Ba chóir go leanfadh sé seo ar aghaidh nuair a bheidh Seachtain Feasachta Seas an Fód thart.

## Ionadaíocht ar Feadh na Bliana

Lean ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar theaghlaigh, ar fhéiniúlachtaí agus ar chaidrimh LADTA+ i do scoil, d'Ionad Ógtheagmhála, nó seirbhís óige sna polasaithe, sa churaclam agus sa timpeallacht. Féach ar an bpóstaer agus na híomhánna atá ar fáil ar ár mol oideachais ar líne ➔.

# References:


1. Költő, A., Vaughan, E., O'Sullivan, L., Kelly, C., Saewyc, E. M., and Nic Gabhainn, S. (2021) *LGBTI+ Youth in Ireland and across Europe: A two-phased landscape and research gap analysis.* Dublin: Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth.

2. Pizmony-Levy, O. (2019) *The 2019 Irish School Climate Survey.* Research Report. Global Observatory of LGBTQ+ Education and Advocacy. Dublin and New York: Belong To and Teachers College, Columbia University.

3. Költő, A., Vaughan, E., O'Sullivan, L., Kelly, C., Saewyc, E. M., and Nic Gabhainn, S. (2021) *LGBTI+ Youth in Ireland and across Europe: A two-phased landscape and research gap analysis.* Dublin: Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth.



Belong To
13 Parliament St
Dublin 2, D02 P658

info@belongto.org
www.belongto.org
01 670 6223

Belong To is a registered charity in the Republic of Ireland
Registered Charity Number: 20059798. ©Belong To, 2024